



Athchóiriú Rialála ar Earnáil an Oideachais Idirnáisiúnta agus ar an gCóras Inimirce do Mhic Léinn

Ráiteas Beartais

Meán Fómhair 2014



1. RÉAMHRÁ

- 1.1 Tá cáil mhór ar Éirinn maidir le seirbhísí oideachais ar ardchaighdeán a sheachadadh dár saoránaigh féin agus dóibh siúd a thagann go hÉirinn ó thar lear araon. Is léiriú ar ghnóthachtáil shuntasach oideachais atá i gceist le céimeanna ó ollscoil, ó Institiúid Teicneolaíochta nó ó sholáthraí ar ardchaighdeán san earnáil phríobháideach in Éirinn, agus cuireann ár gcuid mac léinn agus ár bhfostóirí araon béim mhór ar chéimeanna dá leithéid. Tá Éire ina speisialtóir i dteagasc an Bhéarla ar ardchaighdeán freisin. Tagann na mílte mac léinn ón AE agus ó thíortha éagsúla timpeall na cruinne go hÉirinn le haghaidh cláir lánaimseartha nó ghearrthéarmacha.
- 1.2 Cuireann an Rialtas luach mór ar earnáil an oideachais idirnáisiúnta ar ardchaighdeán. Tá tairbhí móra do mhic léinn na hÉireann agus do mhic léinn idirnáisiúnta ag baint le hidirnáisiúnú seirbhísí oideachais, rud a chuireann ar chumas na hÉireann gréasáin dhomhanda a fhorbairt trí bhuanna ó thar lear a chothú. Cuireann an earnáil ar ardchaighdeán go mór le geilleagar na hÉireann freisin, agus meastar gur mó ná €800 milliún an luach atá air.
- 1.3 Rinneadh an beartas náisiúnta sa réimse seo a leagan amach in *Infheistiú á Dhéanamh i gCaidrimh Dhomhanda: Straitéis Oideachais Idirnáisiúnta na hÉireann 2010-2015*. Tá mar phríomhaidhm ag an straitéis sin go mbeadh Éire “aitheanta agus rangaithe go hidirnáisiúnta mar bheith chun tosaigh go domhanda i ndáil le seachadadh an oideachais idirnáisiúnta ar ardchaighdeán trí thaithí uathúil agus luach fadtéarmach a sholáthar do mhic léinn.” D’fhonn an aidhm sin a chur i gcrích, aithnítear freisin sa straitéis “gur gá an caighdeán a chur i gcroílár thairiscint oideachais na hÉireann.” Tá sé beartaithe athbhreithniú ar an straitéis a fhorbairt níos déanaí in 2014 chun dul chun cinn breise a dhéanamh ar fhorbairt na hearnála ar ardchaighdeán.
- 1.4 Tá an Rialtas tiomanta d’fhorbairt bhreise a dhéanamh ar an earnáil bunaithe ar sholáthar ar ardchaighdeán sna hearnálacha poiblí agus príobháideacha. D’fhonn cabhrú leis an earnáil i dtimpeallacht ina bhfuil iomaíochas idirnáisiúnta, tacaíonn an Rialtas leis an ardoideachas agus le teagasc an Bhéarla ar ardchaighdeán a chur chun cinn go hidirnáisiúnta trí Fhiontraíocht Éireann agus trí Fháilte Éireann. Toisc nach n-aithnítear an breisoideachas, an gairmoideachas ná an ghairmoiliúint mar ghnéithe atá straitéiseach le haghaidh thairiscint idirnáisiúnta na hÉireann, níl ann do mhargú idirnáisiúnta ar an mbreisoideachas ná ar an ngairmoideachas a bhfuil tacaíocht Stáit leis. Anuas air sin, agus i gcomhréir leis an gcleachtas idirnáisiúnta, ceadaítear do mhic léinn nach as an LEE1 dóibh dul isteach i margadh an tsaothair chun iad féin a chothú agus iad in Éirinn.

1 LEE: Limistéar Eorpach Eacnamaíoch.

- 1.5 Le roinnt míonna anuas, tá béim leagtha ar roinnt fadhbanna i ndáil le gníomhaíochtaí roinnt soláthraithe san earnáil phríobháideach, lena n-áirítear ceisteanna maidir le bailíocht scrúduithe, falsú taifead tinrimh, agus mí-úsáid arna mbaint as próisis inimirce. Chuir Seirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann (SEIÉ) ceithre sholáthraí ar fionraí ar chúiseanna inimirce (.i. ní thabharfaí cead inimirce d'aon mhic léinn nua ar bhonn freastal ar chlár arna chur ar fáil ag na soláthraithe sin), agus tá roinnt soláthraithe tar éis dúnadh ar gearrfhógra. Mar thoradh air sin, fágadh nach raibh ar chumas os cionn 2,000 mac léinn a gclár a chríochnú.
- 1.6 Chuir an tAire Oideachais agus Scileanna agus an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais Tascfhórsa ar bun chun teacht ar fhreastal réasúnta do na mic léinn i gceist. Tá an tuarascáil deiridh ón Tascfhórsa á foilsiú i gcomhar leis an Ráiteas Beartais seo.
- 1.7 Ó 2010, tá feabhsuithe suntasacha déanta ar an gcreat rialála agus inimirce ina bhfeidhmíonn earnáil an oideachais idirnáisiúnta. Mar sin féin, is léir go bhfuil fadhbanna suntasacha ann i gcónaí, mar atá léirithe sa tuarascáil ón Tascfhórsa. Is léiriú atá i ndúnadh na gcoláistí le déanaí ar fhadhbanna sistéamacha agus ar fhadhbanna rialachais in earnáil an oideachais idirnáisiúnta ar gá dul i ngleic leo go práinneach.
- 1.8 Sa pháipéar seo, leagtar amach sraith gníomhaíochtaí a ghlacfar chun leasanna tomhaltóra agus oideachais na bhfíormhac léinn a chosaint, dul i ngleic le mí-úsáid mhargadh an tsaothair, cosaint a thabhairt do sholáthraithe poiblí agus príobháideacha oideachais idirnáisiúnta ar ardchaighdeán in Éirinn, agus clú agus cáil na hÉireann a chosaint.
- 1.9 Coinneoidh an Rialtas na bearta seo faoi athbhreithniú lena n-éifeachtacht a chinntiú, agus cuirfear athchóirithe breise i bhfeidhm má mheastar go bhfuil gá leo.

2. AN TIMPEALLACHT RIALÁLA REATHA

- 2.1 I láthair na huaire, ní féidir le mic léinn nach as an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) dóibh teacht go hÉirinn ach chun freastal ar chúrsa atá ar áireamh ar chlár ar a dtugtar an Clár Idirnáisiúnaithe. Cuireadh an Clár ar bun i dtosach chun rochtain ar an lamháltas oibre a rialú do mhic léinn nach as an LEE dóibh (.i. ní cheadaítear ach do mhic léinn atá ag freastal ar chúrsa atá ar an gClár Idirnáisiúnaithe dul i mbun breacfhostaíochta). Tá sé ina riachtanas *de facto* le haghaidh cead inimirce a fháil mar mhac léinn anois áfach. Ní léiriú ar chaighdeán an chúrsa nó an tsoláthraí atá i gceist le bheith ar áireamh ar an gClár; ina áit sin, is deimhniú atá ann go gcomhlíonann an cúrsa critéir ar leith.
- 2.2 Tá an Clár á riar ag Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) thar ceann SEIÉ agus na Roinne Oideachais agus Scileanna ó Mhárta 2010 i leith. Le roinnt blianta anuas, neartaíodh na critéir chun cúrsaí a chur ar áireamh sa Chlár d’fhonn an acmhainneacht go mbainfí mí-úsáid as an gcóras a laghdú.
- 2.3 Tugadh isteach athchóirithe inimirce in 2011 lenar áiríodh, go háirithe, teorainneacha ar an tréimhse is féidir le duine nach as an LEE dó a chaitheamh mar mhac léinn in Éirinn agus, ina theannta sin, cúrsaí áirithe ar leibhéal íseal a bhaint den Chlár.
- 2.4 I gcás mic léinn ó thíortha dá bhfuil víosa de dhíth, déanann siad iarratas ar víosa staidéir roimh ré. Cláraíonn gach mac léinn leis an nGarda Síochána (Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Inimirce i mBaile Átha Cliath agus stáisiúin éagsúla an Gharda Síochána ar fud na tíre) agus tugtar cead cónaithe dóibh i gcomhréir leis na treoirlínte atá leagtha amach ag SEIÉ. Is féidir le mic léinn nach as an LEE dóibh suas le 3 bliana a chaitheamh ar chúrsaí teanga nó ar chúrsaí nach cúrsaí céime iad, agus suas le 7 mbliana a chaitheamh mar mhac léinn ar an iomlán. Ní mór árachas liachta príobháideach a bheith acu, ní mór dóibh freastal ar a gcúrsa (tinreamh 80% ar a laghad) agus a léiriú go bhfuil d’acmhainn acu iad féin a chothú.
- 2.5 Tá soláthraithe oideachais faoi réir cigireachtaí gan fógra roimh ré ag SEIÉ agus Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Inimirce chun críocha rialú inimirce. Déanann QQI cigireacht ar eagraíochtaí teagaisc an Bhéarla a bhfuil aitheantas acu ó ACELS2.
- 2.6 Déantar foráil do Mharc Oideachais Idirnáisiúnta agus do Chód Cleachtais chun clár a sholáthar d’fhoghlaimoírí idirnáisiúnta faoin *Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú*

2 ACELS: *Accreditation and Co-ordination of English Language Services* – feidhm de chuid QQI lena soláthraítear dearbhú cáilíochta deonach in earnáil theagasc an Bhéarla ó 2011 i leith. Comhlacht ar leith faoi stiúir na Roinne Oideachais agus Scileanna a bhí in ACELS roimhe sin.

Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) 2012, de réir an mholta in Infheistiú á Dhéanamh i gCaidrimh Dhomhanda: Straitéis Oideachais Idirnáisiúnta na hÉireann 2010-2015.

- 2.7 Sa Chód Cleachtais, déileálfar le réimse ábhar a bhaineann le mic léinn idirnáisiúnta lena n-áirítear cosaint d'fhoghlaimoirí cláraithe, earcaíocht agus iontráil, soláthar faisnéise, leas na mac léinn, feasacht chultúrtha agus forálacha maidir le tacaíocht acadúil.
- 2.8 Beidh soláthraithe poiblí agus príobháideacha oideachais agus oiliúna incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar an Marc Oideachais Idirnáisiúnta nuair a bheidh a gcuid socruithe foriomlána dearbhaithe cáilíochta comhaontaithe acu le QQI. Tabharfaidh QQI údarás do sholáthraithe an Marc a úsáid i gcás inar féidir leo a léiriú go bhfuil an Cód Cleachtais agus aon chritéir incháilitheachta bhreise a bhaineann go sonrach le gnóthachtáil an Mhairc á gcomhlíonadh acu. Táthar ag súil le glacadh le hiarratais ar an Marc Oideachais Idirnáisiúnta ó Eanáir 2015 ar aghaidh.

3. EARNÁIL AN OIDEACHAIS IDIRNÁISIÚNTA IN ÉIRINN

- 3.1 Tá ardcháil ar fhormhór na hearnála in Éirinn, agus ardchaighdeán ag baint léi. Soláthraítear oideachas idirnáisiúnta ar ardchaighdeán i raon ollscoileanna, institiúidí teicneolaíochta, agus soláthraithe oideachais príobháideacha agus soláthraithe a fhaigheann tacaíocht ón Stát, mar aon le líon mór scoileanna teagaisc an Bhéarla atá aitheanta ag ACELS. Is as Éirinn nó an AE d'fhormhór na mac léinn a fhreastalaíonn ar sholáthraithe dá leithéid go hiondúil.
- 3.2 Tá gníomhaíochtaí idirnáisiúnta na soláthraithe sin ar aon dul leis an mbeartas náisiúnta: soláthraíonn siad oideachas ar ardchaighdeán, bíonn luach fadtéarmach suntasach i gceist leo dá mic léinn, agus cuirtear le cáil idirnáisiúnta na hÉireann lena gcuid gníomhaíochtaí.
- 3.3 Beidh beartais agus bearta eile chun an earnáil ar ardchaighdeán a chur chun cinn le fáil san athbhreithniú atá le foilsiú ar an straitéis maidir le hoideachas idirnáisiúnta. Tá sé beartaithe an t-athbhreithniú a fhoilsiú níos déanaí in 2014.
- 3.4 Mar sin féin, faoi mar atá i ngach tír a dhéanann iarracht mic léinn idirnáisiúnta a mhealladh, is ann do ghrúpa beag agus gníomhach nach bhfuil an t-oideachas ina phríomhthosaíocht acu. Ina theannta sin, déanann siad iarracht an t-oideachas a úsáid mar leithscéal chun rochtain ar mhargadh an tsaothair a éascú. Tá an ceart cónaithe agus oibre in Éirinn luachmhar ina cheart féin agus, i gcás go leor mic léinn, cláraíonn siad ar chúrsa oideachais toisc gur mian leo rochtain a fháil ar mhargadh an tsaothair seachas spriocanna oideachais pearsanta a bhaint amach. Mar thoradh dosheachanta air sin, meallfar chuig an tionscal in Éirinn (faoi mar a tharla in áiteanna eile) cohórt soláthraithe atá sásta freastal ar an éileamh sin.
- 3.5 Is é tuairim na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais nach bhfuil i soláthraithe dá leithéid ach monarchana víosaí atá toilteanach taifid tinrimh a fhalsú ina n-iomláine. I roinnt cásanna eile, d'fhéadfaí go mbeadh mar sprioc ag na gnólachtaí torthaí oideachais a sheachadadh ach brath go mór ag an am céanna ar na deiseanna arna gcur ar fáil trí "shaincheadúnas inimirce" a fheidhmiú.
- 3.6 D'aithin an Tascfhórsa roinnt saintréithe coiteanna i measc na soláthraithe arb ábhair inmí iad:
- Bíonn siad ag díriú go príomha ar mhic léinn nach as an LEE dóibh, lena n-áirítear líon suntasach mac léinn ó thíortha nach bhfuil víosa de dhíth orthu chun teacht, agus ní chláraíonn siad ach líon fíorbheag mac léinn ó Éirinn nó ón LEE. I gcás

fhormhór na soláthraithe Éireannacha ar ardchaighdeán (ach gan iad ar fad), tagann formhór na mac léinn ó thíortha LEE go hiondúil.

- In ainneoin nár gearradh an táille chéanna ar na mic léinn ar fad, bhí sé soiléir i gcásanna áirithe go raibh na táillí ró-íseal agus neamh-inbhuanaithe agus, i gcomhthéacs na norm san earnáil, ba léir nár leordhóthanach na táillí sin chun seachadadh cláir ar ardchaighdeán a chur ar fáil.
- Ní sholáthraíonn siad cláir atá creidiúnaithe in Éirinn ná cláir a bhfuil a gcaighdeán dearbhaithe. Go hiondúil, cuireann na soláthraithe arb ábhair imní iad cláir teanga ar fáil atá creidiúnaithe ag comhlachtaí idirnáisiúnta, cláir gairme/bainistíochta a ndámhann comhlachtaí thar lear na dámhachtainí ina leith, nó cláir céime faoi shaincheadúnas ollscoileanna sa Ríocht Aontaithe. Tá imní ann maidir leis an leibhéal maoirseachta atá á fheidhmiú ag na forais cáiliúcháin i ndáil le soláthar dá leithéid in Éirinn.
- Níl socruithe cosanta foghlaimeoirí leordhóthanacha i bhfeidhm. I samhail airgeadais inar gá earcaíocht leanúnach a dhéanamh ar phraghsanna ísle chun feidhmiú leanúnach an tsoláthraí a chistiú, bíonn na mic léinn i mbaol suaitheadh ar bith a d'fhéadfadh tarlú don soláthraí. Anuas ar an mbaol sin, d'fhéadfadh na húinéirí iarracht a dhéanamh ag am ar bith cistí a aistarraingt ón ngnóthas ar bhonn iasachtaí idir cuideachtaí gaolmhara nó trí íocaíochtaí le stiúrthóirí, agus dul faoi leachtú toilteanach.

3.7 Fadhb shuntasach eile i réimse na gclár acadúil go háirithe is ea an t-easnamh torthaí oideachais. Is é an loighic a bhaineann le ceadú do mhic léinn teacht go hÉirinn agus tabhairt faoi chlár acadúil gur cheart dóibh bheith ag díriú ar cháilíocht a bhaint amach agus gur cheart dóibh na scrúduithe a dhéanamh mar chuid den chlár. San earnáil ar chaighdeán níos ísle, áfach, bíonn dul chun cinn acadúil lag le sonrú i measc na mac léinn: is iomaí mac léinn a dteipeann orthu i scrúdú, agus is ann do mhic léinn eile nach dtugann faoi scrúdú ar bith. Is léir na treochtaí sin go háirithe i gcláir atá creidiúnaithe thar lear ar leibhéal an ardoideachais agus an bhreisoideachais. I roinnt cásanna, tá sé soiléir nach dtugtar aird ar leith sna nósanna imeachta iontrála do chuntas teiste acadúil nó féideartha an mhic léinn, agus gur rud é sin atá inghlactha ag an soláthraí agus ag an mac léinn araon.

3.8 Is minic nach féidir muinín a chur sa bhainistiú tinrimh. In ainneoin go bhféadfadh an múinteoir ranga an tinreamh a thaifeadh go dílis, ní haon dearbhú é sin go bhfuil an neamhláithreachta á taifeadh go cruinn ar bhonn lárnach nó á tuairisciú do na húdaráis.

3.9 Tá fianaise ann freisin go ndéanann soláthraithe dá leithéid iarracht cur le hearcú na mac léinn idirnáisiúnta nuair is cosúil go bhfuil na scoileanna i mbéal a ndúnta, rud atá ina riosca mór do na mic léinn ar fad iontu.

4. CREAT RIALÁLA NUA

- 4.1 Tá na gníomhaíochtaí agus na cleachtais a dtugtar breac-chuntas orthu thuas go hiomlán contrártha le straitéis oideachais idirnáisiúnta na hÉireann agus is iomaí droch-thionchar mór a bhaineann leo. Déanann siad dochar do chlú idirnáisiúnta na hÉireann i measc mic léinn fhéideartha agus a dteaghlaigh, agus i measc soláthraithe oideachais, gníomhaireachtaí cistiúcháin, agus Rialtais chomhpháirtíochta thar lear. D'fhéadfaidís mic léinn idirnáisiúnta a chur i mbaol, agus ní sholáthraíonn siad oideachas a bhfuil luach fadtéarmach leis do mhic léinn. Déanann siad damáiste do ghníomhaíochtaí na soláthraithe ar ardchaighdeán trí dhochar a dhéanamh do bhanda na hÉireann. Tríd an inimirce eacnamaíoch a éascú, déanann siad dochar do shláine mhargadh an tsaothair in Éirinn agus d'fhéadfaidís deiseanna fostaíochta a bhaint de chuardaitheoirí poist ó Éirinn agus ón AE.
- 4.2 Cuirfear leis an dearbhú cáilíochta príomhshrutha trí bhíthin an Mhairc Oideachais Idirnáisiúnta, agus beidh an Marc ina uirlis ríthábhachtach chun déileáil le mic léinn idirnáisiúnta. Mar sin féin, ní fheidhmeoidh an Marc go héifeachtach ach i gcomhthéacs creat rialála láidir. Sa chomhthéacs seo, tá cinneadh déanta ag an Rialtas beart láithreach a ghlacadh ar mhaithe le leas an phobail chun an t-athchóiriú a chur chun cinn agus chun rialú earnáil an oideachais idirnáisiúnta a neartú.

Na trí cholún den chreat rialála nua

- 4.3 Moltar trí cholún athchóirithe: (i) liosta nua de chláir incháilithe, (ii) córas feabhsaithe cigireachta agus géilliúlachta, agus (iii) athruithe ar fheidhmiú an lamhátais oibre.
- 4.4 Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach gcuirfear srian ar bith ar an soláthraí leanúint de mhic léinn as Éirinn agus as an LEE a theagasc le haon athrú rialála i ndáil le mic léinn nach as an LEE dóibh. Ceadófar do sholáthraithe leanúint do na mic léinn reatha atá acu as Éirinn agus as an LEE a theagasc go dtí deireadh a gcláir agus, go deimhin, bheadh dualgas conarthach orthu an tseirbhís as ar íoc na mic léinn a sholáthar dóibh.

Colún a hAon: Ceadófar sraith clár níos teoranta chun críocha inimirce mac léinn

- 4.5 Ceadófar sraith clár níos teoranta chun críocha inimirce na mac léinn. Cuirfear **Liosta Eatramhach de Chláir Incháilithe le haghaidh Cead Inimirce Mac Léinn (ILEP)** a chur in ionad an Chláir Idirnáisiúnaithe reatha **ón 1 Eanáir 2015**. Beidh an Liosta Eatramhach i bhfeidhm go dtí go mbeidh an Marc Oideachais Idirnáisiúnta curtha i bhfeidhm ina

iomláine agus go dtí go mbeidh liosta nua curtha ar bun. Is dócha go ndéanfaí é sin in 2016.

4.6 Tabharfar aird ar na gnéithe seo a leanas i ndáil le bheith ar áireamh ar an liosta:

- Creidiúnú cláir: Ní cheadófar ach cláir atá creidiúnaithe nó aitheanta ag forais cáiliúcháin Éireannacha in earnálacha an Bhéarla agus an ardoideachais, le heisceachtaí sonraithe áirithe (féach thíos). Tá an riail sin i gcomhréir leis na tosaíochtaí straitéiseacha atá aitheanta faoin Straitéis Oideachais Idirnáisiúnta agus leis an dul chun cinn atá á dhéanamh thar lear ar sheirbhísí oideachais ag comhlachtaí stáit Éireannacha.

Beidh na cineálacha cláir seo a leanas incháilithe le bheith ar áireamh ar an Liosta Eatramhach:

- Cláir ardoideachais as a mbainfear amach mórdhámhachtain ar leibhéal 6 agus os a chionn ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ) arna bronnadh ag forais cáiliúcháin reachtúla in Éirinn;
- Cláir ardoideachais as a mbainfear amach dámhachtainí nach mórdhámhachtainí iad ar leibhéal 6 agus os a chionn ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ) arna bronnadh ag forais cáiliúcháin reachtúla in Éirinn agus lena mbaineann ualach oibre de 60 creidmheas ECTS ar a laghad in aghaidh na bliana;
- Teagasc an Bhéarla atá aitheanta ag ACELS/QQI, a bhfuil riachtanais maidir leis an tréimhse ag baint leo;
- Bonnchláir d'aon bhliain amháin ar fhad ar a laghad atá ceangailte le hiontráil chuig institiúidí oideachais sonraithe in Éirinn agus as a mbainfear amach dámhachtainí arna mbronnadh ag forais cáiliúcháin reachtúla in Éirinn nó arna n-aithint ag ACELS;
- Cláir chuntasaíochta ghairmiúla de chuid Chomhlachas na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte (ACCA) arna gcur ar fáil ag soláthraithe atá ainmnithe mar *Platinum Provider*;
- Ar bhonn idirthréimhseach, go dtí an 1 Eanáir 2016, Cláir Céime Baitsiléara agus Máistreachta thar lear atá liostaithe ar an gClár Idirnáisiúnaithe faoi

láthair, i gcás inar féidir le soláthraithe cuntas teiste a léiriú maidir le soláthar ar ardchaighdeán agus le maoirseacht láidir ón gcomhlacht creidiúnaithe ábhartha. Leis an bhforáil speisialta seo, tabharfar deis do sholáthraithe cur isteach ar chreidiúnú in Éirinn i gcás inar mian leo leanúint d'fhoghlaimoirí nach as an LEE dóibh a earcú ar na cláir sin. Foilseofar na critéir agus an próiseas iarratais chun cláir dá leithéid a choinneáil go sealadach faoi lár mhí Mheán Fómhair 2014.

- Géilliúlacht inimirce: Anuas ar na critéir thuas a chomhlíonadh, ní mór do SEIÉ bheith sásta maidir le feidhmiú an tsoláthraí ó thaobh na hinimirce de. Sa bhreithniú a dhéanfar ar ghéilliúlacht inimirce agus ar an gcuntas teiste, áireofar iompraíocht roimhe seo an phearsanra atá páirteach in úinéireacht agus i mbainistíocht an tsoláthraí. Ní cheadóidh SEIÉ clár ar bith ó sholáthraí a chur ar an liosta nua mura bhfuil an tSeirbhís lánsásta go bhfuil úinéir, stiúrthóirí, bainisteoirí agus riarthóirí an tsoláthraí áirithe sin i gceart agus i gcóir go hiomlán i ndáil lena n-iompar inimirce roimhe seo. Ní mór don tSeirbhís bheith lánsásta freisin maidir le hionracas airgeadais aon ghnóthas lena raibh siad bainteach roimhe seo, sa mhéid go bhfuil eolas ann ina leith. Rachaidh na húdaráis Éireannacha i gcomhairle lena gcomhghleacaithe sa Ríocht Aontaithe agus i ndlínsí eile freisin nuair is gá.
- Cuntas teiste: Beidh beartas maidir le “tús áite don oideachas” ina ghné rithábhachtach den timpeallacht rialála amach anseo. Sa tionscal faoi láthair, is féidir le soláthraí féachaint chuig cláir a thairiscint do mhic léinn nach as an LEE dóibh ón tús. Roimh chead a fháil chun mic léinn nach as an LEE dóibh a thabhairt isteach, ba cheart go mbeadh ar chumas an tsoláthraí a léiriú gur fheidhmigh siad go rathúil mar sholáthraí oideachais ar ardchaighdeán do mhic léinn as Éirinn nó as an AE.
- An Marc Oideachais Idirnáisiúnta. Nuair a bheidh an Marc curtha i bhfeidhm, ní bheidh ach na soláthraithe sin a mbeidh cead acu an Marc Oideachais Idirnáisiúnta a úsáid incháilithe chun go mbreithneofar a gcláir lena gcur san áireamh ar an Liosta Eatramhach.

4.7 I gcás ina ndíoltar soláthraí mar ghnóthas leantach, ní mór don soláthraí sin na húdaráis a shásamh gur cheart cláir dá chuid a choinneáil ar an Liosta Eatramhach; breithneofar cuntas teiste na n-úinéirí nua, idir náisiúnta agus idirnáisiúnta, chun teacht ar chinneadh ina leith sin. Déanfar a leithéid ionas nach bhféadfadh daoine atá páirteach i soláthraithe bradacha iarracht a dhéanamh soláthraithe measúla a cheannach chun a gcuid gníomhaíochtaí a cheilt. Mar chuid den phróiseas nua seo, beidh ar na húinéirí nua gach leas tairbheach atá acu i soláthraithe eile atá bainteach le soláthar seirbhísí oideachais in Éirinn a nochtadh.

- 4.8 I ndáil le clár atá ar an gClár Idirnáisiúnaithe faoi láthair ach a mbainfear iad le héifeacht ón 1 Eanáir 2015, ceadófar do sholáthraithe mic léinn nua a earcú a rachaidh i mbun staidéir roimh an scoithdháta. Beidh ar mhic léinn dá leithéid bheith in Éirinn roimh an 1 Eanáir 2015 agus ní mór dóibh clárú leis na húdaráis inimirce roimh an dáta sin.
- 4.9 Ní cheadófar do dhaoine clárú leis na húdaráis Inimirce tar éis an 1 Eanáir 2015 i ndáil le clár atá bainte den Chlár Idirnáisiúnaithe.
- 4.10 Foilseofar sraith mhionsonraithe ceisteanna agus freagraí do mhic léinn, do sholáthraithe agus do ghníomhairí ar láithreáin gréasáin an Tascfhórsa agus SEIÉ.

Colún a Dó: Tabharfar isteach córas feabhsaithe cigireachta agus géilliúlachta

- 4.12 Cuirfear i bhfeidhm córas cigireachta atá neartaithe agus níos comhtháite chun monatóireacht a dhéanamh ar an dearbhú cáilíochta leanúnach agus ar an ngéilliúlacht inimirce leanúnach. Beidh i gceist leis sin:
- Feidhm chigireachta feabhsaithe do SEIÉ agus do Bhiúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Inimirce. Beidh freagrachtaí orthu seiceáil go bhfuil na córais bhainistíochta tinrimh iontaofa agus infhíoraithe, agus go bhfuil mic léinn ag cloí le téarmaí a gceada. Déanfaidh na húdaráis inimirce cigireachtaí gan fógra roimh ré de réir mar is gá, dar leo.
 - Beidh an córas cigireachta le haghaidh soláthraithe agus gnéithe inimirce dá n-oibríochtaí ceangailte le maoirseacht níos forleithne ar an ngéilliúlacht. Mar chuid de sin, rachfar i dteagmháil leis na Coimisinéirí Ioncaim maidir le comhlíontacht cánach na soláthraithe, leis an Údarás Náisiúnta Cearta Fostaíochta (NERA) maidir leis an bhféidearthacht mí-úsáid a bhaint as an lamháltas oibre do mhic léinn, agus leis an Roinn Coimirce Sóisialaí nuair is gá;
 - Monatóireacht agus athbhreithniú tréimhsiúil mar chuid de chóras an Mhairc Oideachais Idirnáisiúnta.
 - Monatóireacht leanúnach arna déanamh ag QQD ar na soláthraithe príobháideacha a ndéanann QQI dámhachtainí ardoideachais a bhronnadh ar a son.

- 4.13 Féachfar ar shamhlacha airgeadais le haghaidh córas feabhsaithe cigireachta. D'fhéadfaí ranníocaíochtaí per capita nó táille in aghaidh an chláir ar an Liosta Eatramhach nó ar an liosta a thiocfaidh ina dhiaidh a áireamh i measc na roghanna. Féachfar freisin ar an bhféidearthacht chun táille chomhordaithe aonair a thabhairt isteach lena gcuimseofaí na costais ar fad a bhaineann le cur chun cinn idirnáisiúnta, margaíocht, agus cigireacht. Rachfar i mbun comhairliúcháin leis an earnáil maidir leis na samhlacha atá á mbreithniú.
- 4.14 Cuirfear meitheal géilliúlachta ar bun chun féachaint ar na saincheistanna sin ar fad, agus beidh an mheitheal sin ag díriú ar fheidhmiú na soláthraithe agus ar an Lamháltas Oibre do Mhic Léinn. Beidh an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, an Roinn Oideachais agus Scileanna agus QQI páirteach sa mheitheal sin mar aon le comhlachtaí Stáit ábhartha eile agus comhlachtaí ionadaíocha na soláthraithe a bhfuil leas acu i bhfeidhmiú na hearnála a bhaineann le mic léinn nach as an LEE dóibh.

Colún a Trí: Neartófar téarmaí an Lamháltais Oibre do Mhic Léinn

- 4.15 I gcás mic léinn nach as an LEE dóibh agus atá ag freastal ar chlár lánaimseartha ar an gClár Idirnáisiúnaithe, ceadaítear dóibh faoi láthair suas le 20 uair an chloig oibre a dhéanamh sa tseachtain i rith an téarma, agus suas le 40 uair an chloig oibre a dhéanamh sa tseachtain lasmuigh den téarma. Léiríodh imní maidir leis an gcaoi a raibh an lamháltas sin á fheidhmiú. Cé go nglactar leis gurb iondúil a thugtar cead oibre de chineál áirithe i dtíortha a dhéanann iarracht mic léinn ó thar lear a mhealladh, ní bhíonn údar le cead dá leithéid i gcónaí. Go sonrach, ní bhíonn údar leis i gcás roinnt de na cineálacha soláthraithe agus clár a bhfuil tuairisc orthu sa doiciméad seo agus a bhfuil táillí ísle, drochthorthaí oideachais agus leochaileacht i leith mí-úsáid inimirce mar thréithe acu.
- 4.16 Coinneofar an lamháltas i gcás na gclár atá ar an Liosta Eatramhach agus ar an liosta a thiocfaidh ina dhiaidh. Mar sin féin, déanfar athbhreithniú tréimhsiúil ar an lamháltas de réir mar a dhéanfar na hathchóirithe a bhfuil breac-chuntas orthu sa Ráiteas Beartais seo a shocrú isteach.
- 4.17 Athchóiriú riachtanach amháin a aithníodh is ea caighdeánú a dhéanamh ar an gcaoi a bhfeidhmítear an lamháltas. I láthair na huaire, tá an teidlíocht chun 40 uair an chloig oibre sa tseachtain a dhéanamh (i rith na laethanta saoire) ag brath ar chlár ama an chláir, agus is é an soláthraí a chinneann an clár ama sin. Ar an ábhar sin, tá sé níos deacra ar údarais an Stáit monatóireacht a dhéanamh, agus is féidir mí-úsáid a bhaint as an gcóras.

- 4.18 Ar an ábhar sin, ón 1 Eanáir 2015 ar aghaidh, tá sé beartaithe an lamháltas oibre a ailíniú leis an mbliain acadúil thraidisiúnta agus gan ligean do mhic léinn 40 uair an chloig oibre sa tseachtain a dhéanamh ach amháin i rith mhí na Bealtaine, mhí an Mheithimh, mhí Iúil agus mhí Lúnasa, agus ón 15 Nollaig go dtí an 15 Eanáir (agus an dá dháta sin san áireamh). Ní bheidh an lamháltas ag brath ar chlár ama an chlár atá ar siúl acu, ach beidh cead inimirce de dhíth orthu ag an tráth sin.
- 4.19 Tá sé molta freisin, tar éis próiseas comhairliúcháin, treoirlínte breise a eisiúint ina gcuimseofar gnéithe eile den lamháltas oibre, lena n-áirítear obair mar au pair, teorainneacha ar an gcineál oibre is féidir le mic léinn a dhéanamh, agus fostaíocht na mac léinn chun críche margaíochta ag an soláthraí.

Saincheisteanna rialála eile atá á mbreithniú

- 4.20 Tá sé beartaithe treoirlínte breise a fhoilsiú i ndáil le roinnt saincheisteanna eile a bhaineann leis an timpeallacht rialála don oideachas idirnáisiúnta, lena n-áirítear iad seo a leanas:
- A inmharthana is a bheadh cuntais ar leith le haghaidh chistí na mac léinn (táillí, mar shampla) agus cinntí i leith víosaí ar feitheamh;
 - Riachtanais airgeadais le haghaidh mic léinn nua a thiocfaidh go hÉirinn;
 - Saincheisteanna a bhaineann le hoiliúint ghairmiúil speisialaithe. Tá líon beag cuideachtaí oiliúna an-speisialaithe ag feidhmiú in Éirinn agus soláthraíonn siad clár oiliúna lánaimseartha ar feadh roinnt seachtainí nó míonna le haghaidh fostaithe tábhachtacha i gcuideachtaí thar lear in earnálacha éagsúla. Déileálfaidh SEIÉ le cásanna dá leithéid amach anseo trí bhíthin na Scéime um Oibríthe Neamhthipiciúla dá cuid ar bhonn cáis ar chás. Beidh ar sholáthraithe a gcuntas teiste mar oiliúnóir corparáideach sa tionscal speisialaithe thar roinnt blianta a léiriú sula measfar go mbeidh siad incháilithe chun oiliúnóirí ó thar lear a thabhairt isteach. Ní mheasfar mar léiriú leordhóthanach ar chuntas teiste é feidhmiú mar sholáthraí ar an gClár Idirnáisiúnaithe. Ar ndóigh, níor cheart go mbeadh aon rud díobhálach i gcúlra na n-oiliúnóirí ach an oiread i ndáil le hinimirce nó le cleachtas airgeadais.